6.9.2023 A9-0159/ 001-016

**LEASUITHE 001-016**
ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

**Tuarascáil**
**Martin Häusling** **A9-0159/2023**
Lipéadú bia orgánaigh do pheataí

Togra le haghaidh rialacháin (COM(2022)0659 – C9-0396/2022 – 2022/0390(COD))

---

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris -1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-1) I bhfianaise chuspóirí an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT) maidir le hioncam cothrom a áirithiú d'fheirmeoirí agus freagairt d'éilimh na sochaí le haghaidh bia agus sláinte, is deis é an t-éileamh méadaitheach ó thomhaltóirí ar tháirgí orgánacha chun an earnáil bia peataí a leathnú tuilleadh agus chun ioncam feirmeoirí atá i mbun táirgeadh orgánach a mhéadú. á aithint go bhfuil ról lárnach ag earnáil an bhia peataí i ndáil le rannchuidiú le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, agus ag aithint go gcabhróidh bearta nua lipéadaithe agus úsáid aonfhoirmeach lógó an Aontais Eorpaigh don táirgeadh orgánach leis an earnáil bia peataí a fhorbairt agus a chur chun cinn, trí tháirgí a dhíol le tomhaltóirí a thugann aird ar ábhar orgánach na dtáirgí a cheannaíonn siad, agus tríd an deis a chruthú luach breise a chur leis na*** |

| | |
|---|---|
| | ***seachtháirgí orgánacha. fágfaidh sin go mbeidh an earnáil bia peataí in ann cabhrú, cé gur go measartha é, le méadú ar thalamh talmhaíochta an Aontais faoi fheirmeoireacht orgánach a bhaint amach faoi 2030, mar a ~~leagtear~~leagtar amach i dTeachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Aibreán 2021 maidir le Plean Gníomhaíochta chun táirgeadh orgánach a fhorbairt.*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) ***Le*** Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] leagtar síos rialacha maidir le lipéadú ***beatha agus*** tá feidhm ***aige*** maidir le beatha le haghaidh bia-ainmhithe agus le beatha le haghaidh peataí, i.e. bia peataí. Faoin Rialachán sin, ***cé go n-údaraítear*** comhábhair neamhorgánacha de thionscnamh talmhaíochta a ***úsáid i dtáirgeadh*** beatha orgánaí, ***ní fhéadfar*** téarma lena dtagraítear do tháirgeadh orgánach a úsáid sa tuairisc díolacháin i gcás nach comhábhair orgánacha iad na comhábhair ***talmhaíochta*** uile, ***fiú más úsáid bheag*** atá ann. Thairis sin, ní féidir le lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach a bheith ar bheatha den chineál sin. Dá thoradh sin, ní chuirtear tomhaltóirí deiridh ar an eolas go díreach faoi chomhlíontacht an táirge le rialacha maidir le táirgeadh orgánach. | (1) Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] leagtar síos rialacha maidir le ***táirgeadh orgánach agus*** lipéadú ***táirgí orgánacha.*** Tá feidhm ***ag an Rialachán sin*** maidir le beatha le haghaidh bia-ainmhithe agus ***maidir*** le beatha le haghaidh peataí, i.e. bia peataí. Faoin Rialachán sin, ***d'fhéadfadh*** comhábhair neamhorgánacha de thionscnamh talmhaíochta a ***údarú i ngach cineál*** beatha orgánaí, ***cé nach bhféadtar*** téarma lena dtagraítear do tháirgeadh orgánach a úsáid sa tuairisc díolacháin i gcás nach comhábhair orgánacha iad na comhábhair ***thalmhaíochta*** uile, ***gan beann ar an méid*** atá ann. Thairis sin, ní féidir le lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach a bheith ar bheatha den chineál sin. Dá thoradh sin, ní chuirtear tomhaltóirí deiridh ar an eolas go díreach faoi chomhlíontacht an táirge le rialacha maidir le táirgeadh orgánach. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Cuirtear oibreoirí gairmiúla ar an eolas faoi chomhdhéanamh agus cion na ***gcomhdhúl*** orgánach, na ***gcomhdhúl*** atá á dtiontú agus na ***gcomhdhúl*** neamhorgánach atá i mbeatha i gcomhréir le ***pointe 2.1.2*** d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848. Os a choinne sin, nuair a dhíoltar beatha go díreach ar an leibhéal miondíola le tomhaltóirí deiridh, níl rialacha ann faoi láthair a bhaineann le faisnéis a sholáthar faoi na ***comhdhúile*** orgánacha sa bheatha i gcás nach comhábhair orgánacha iad na comhábhair talmhaíochta uile. Tá ***sé sin an-ábhartha*** i gcás bia peataí. | (2) Cuirtear oibreoirí gairmiúla ar an eolas faoi chomhdhéanamh agus cion na ***gcomhábhar*** orgánach, na ***gcomhábhar*** atá á dtiontú agus na ***gcomábhar*** neamhorgánach atá i mbeatha ***cumaisc*** i gcomhréir le ***pointe 2.1.2*** d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848. Os a choinne sin, nuair a dhíoltar beatha go díreach ar an leibhéal miondíola le tomhaltóirí deiridh, níl rialacha ann faoi láthair a bhaineann le faisnéis a sholáthar faoi na ***comhábhair*** orgánacha sa bheatha ***cumaisc*** i gcás nach comhábhair orgánacha iad na comhábhair talmhaíochta uile. Tá ***tábhacht ar leith ag baint le comhábhair talmhaíochta neamhorgánacha a bheith ann*** i gcás bia peataí. ***Ba cheart na tomhaltóirí deiridh a chur ar an eolas go hiomchuí faoi chomhdhéanamh bia peataí ina bhfuil comhábhair talmhaíochta orgánacha agus neamhorgánacha araon, rud lena ndéanfaí muinín tomhaltóirí agus iomaíocht chothrom idir oibreoirí san earnáil bia peataí a chumasú.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Ba cheart na rialacha maidir le lipéadú le haghaidh bia peataí orgánach ar leibhéal an Aontais a bheith ar aon dul leis na rialacha maidir le bia orgánach, ós rud é go ndíoltar an dá chatagóir táirgí ar an leibhéal miondíola le tomhaltóirí deiridh den chuid is mó. Ba cheart faisnéis faoi chomhlíonadh rialacha maidir le táirgeadh orgánach a sholáthar trí na téarmaí lena dtagraítear do tháirgeadh orgánach sa tuairisc díolacháin agus trí lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach a | (4) ***Chun críocha faisnéise do thomhaltóirí, comhsheasmhachta agus trédhearcachta an mhargaidh, agus chun dreasachtaí measartha a chruthú maidir le húsáid comhábhair orgánaigh,*** ba cheart ***an deis a bheith ann freisin tagairt a dhéanamh do tháirgeadh orgánach faoi choinníollacha áirithe sa tuairisc díolacháin agus i liosta*** na ***gcomhábhar den bhia peataí. Ba cheart na*** rialacha maidir le lipéadú le haghaidh bia peataí orgánach ar leibhéal an Aontais a bheith ar |

| | |
|---|---|
| úsáid. Chun feasacht a éascú i dtaca le comhlíonadh rialacha maidir le táirgeadh orgánach, ba cheart lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach a bheith éigeantach don bhia peataí réamhphacáilte go léir a chomhlíonann Rialachán (AE) 2018/848 agus an Rialachán seo agus a tháirgtear laistigh den Aontas, mar atá amhlaidh i gcás bia réamhphacáilte de bhun Airteagal 32(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2018/848. | aon dul leis na rialacha maidir le bia orgánach, ós rud é go ndíoltar an dá chatagóir táirgí ar an leibhéal miondíola le tomhaltóirí deiridh den chuid is mó. ***Is iomchuí, dá bhrí sin, ceanglais maidir le lipéadú a leagan síos le haghaidh bia peataí atá sonrach de réir bhrí Airteagal 2(5) de Rialachán (AE) 2018/848.*** Ba cheart ***go leanfadh forálacha an Rialacháin sin a bhfuil feidhm acu maidir le beatha, go háirithe na forálacha sin a bhaineann le táirgeadh, deimhniú, rialú, margú agus trádáil le tríú tíortha, de bheith infheidhme ós rud é gur beatha é bia peataí do chatagóir shonrach ainmhithe. Ba cheart*** faisnéis faoi chomhlíonadh rialacha maidir le táirgeadh orgánach a sholáthar trí na téarmaí lena dtagraítear do tháirgeadh orgánach sa tuairisc díolacháin***, i liosta na gcomhábhar*** agus trí lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach a úsáid. Chun feasacht a éascú i dtaca le comhlíonadh rialacha maidir le táirgeadh orgánach, ba cheart lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach a bheith éigeantach don bhia peataí réamhphacáilte go léir a chomhlíonann Rialachán (AE) 2018/848 agus an Rialachán seo agus a tháirgtear laistigh den Aontas, mar atá amhlaidh i gcás bia réamhphacáilte de bhun Airteagal 32(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2018/848. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Chun forbairt bhreise na hearnála bia peataí a chur chun cinn a thuilleadh, is iomchuí forálacha sonracha a thabhairt isteach i leith lipéadú bia peataí, i leith úsáid téarmaí lena dtagraítear do tháirgeadh orgánach sa tuairisc díolacháin | (5) Chun forbairt bhreise na hearnála bia peataí a chur chun cinn a thuilleadh, is iomchuí forálacha sonracha a thabhairt isteach i leith lipéadú bia peataí, i leith úsáid téarmaí lena dtagraítear do tháirgeadh orgánach sa tuairisc díolacháin |

| | |
|---|---|
| agus i liosta na gcomhábhar, agus i leith úsáid lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach. | agus i liosta na gcomhábhar, agus i leith úsáid lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach. ***Ba cheart forálacha speisialta lipéadaithe a leagan síos freisin chun go cuirfí ar a gcumas do thomhaltóirí deiridh na gcomhábhar orgánach sin a shainaithint a úsáidtear i dtáirgí arb é comhábhar a fhaightear san fhiach nó san iascaireacht a mór-chomhábhar, fad is gur comhábhair orgánacha iad gach comhábhar eile agus nach n-úsáidtear i bpróiseáil an bhia peataí ach breiseáin bheatha agus áiseanna próiseála a údaraítear de bhun Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2018/848.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5a) Tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin (AE) 2018/848, lean oibreoirí de lipéadú a dhéanamh ar bhia peataí i gcomhréir le rialacha náisiúnta nó le caighdeáin phríobháideacha mar gheall ar an srian le hinfhaighteacht atá ar chomhábhair talmhaíochta áirithe is gá a bheith i bhfoirm orgánach, amhail ábhair bheatha áirithe agus breiseáin bheathaithe chun cur le blastacht bia peataí, nó chun luach cothaitheach a áirithiú. Is iomchuí, dá bhrí sin, go gceadófar stoic táirgí a ídiú ar cuireadh lipéad orthu i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta sin nó le caighdeáin phríobháideacha a nglacann na Ballstáit leo nó a aithníonn siad i gcomhréir le hAirteagal 95(5) de Rialachán (CE) Uimh. 889/2008 roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Dá bhrí sin, ba cheart leis an Rialachán seo lipéadú a údarú gur táirgí orgánacha iad na táirgí a bhaineann leis na stoic sin.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5b) Is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le dáta iarchurtha chur i bhfeidhm na hoibleagáide lógó an Aontais Eorpaigh i ndáil le táirgeadh orgánach a úsáid ar lipéadú bia réamhphacáilte do pheataí chun a chur ar chumas oibreoirí ullmhú go hiomlán do chur i bhfeidhm na gceanglas nua maidir le lipéadú.*** |

**Leasú 8**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leis an Rialachán seo, leagtar síos ceanglais shonracha maidir le lipéadú le haghaidh bia peataí a tháirgtear i gcomhréir leis na rialacha a bhaineann le táirgeadh orgánach dá ***bhforáiltear*** i Rialachán (AE) 2018/848. | Leis an Rialachán seo, leagtar síos ceanglais shonracha maidir le lipéadú le haghaidh bia peataí a tháirgtear i gcomhréir leis na rialacha a bhaineann le táirgeadh orgánach ***beatha*** dá ***leagtar síos*** i Rialachán (AE) 2018/848***, agus is ionann é agus dlí sonrach eile de chuid an Aontais a bhaineann le táirgí a chur ar an margadh chun críocha Airteagal 2(5) den Rialachán sin***. |

**Leasú 9**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ciallaíonn 'bia peataí' beatha a cheaptar lena úsáid mar bhia do pheataí mar a shainmhínítear in Airteagal 3(2), pointe (f), de Rialachán (CE) Uimh. 767/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6]; | 1. ciallaíonn 'bia peataí' beatha ***mar*** a ***shainmhínítear in Airteagal 3, pointe 4 de Rialachán (AE) Uimh. 178/2002 agus a*** cheaptar lena úsáid mar bhia do pheataí mar a shainmhínítear in Airteagal 3(2), pointe (f), de Rialachán (CE) Uimh. 767/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6]; |

[6] Rialachán (CE) Uimh. 767/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le beatha a chur ar an margadh agus a úsáid, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n‑aisghairtear Treoir 79/373/CEE ón gComhairle, Treoir 80/511/CEE ón gCoimisiún, Treoracha 82/471/CEE, 83/228/CEE, 93/74/CEE, 93/113/CE agus 96/25/CE ón gComhairle agus Cinneadh 2004/217/CE ón gCoimisiún (Rialachán maidir le Margaíocht Bheatha) (IO L 229, 1.9.2009, lch. 1).

[6] Rialachán (CE) Uimh. 767/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le beatha a chur ar an margadh agus a úsáid, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n‑aisghairtear Treoir 79/373/CEE ón gComhairle, Treoir 80/511/CEE ón gCoimisiún, Treoracha 82/471/CEE, 83/228/CEE, 93/74/CEE, 93/113/CE agus 96/25/CE ón gComhairle agus Cinneadh 2004/217/CE ón gCoimisiún (Rialachán maidir le Margaíocht Bheatha) (IO L 229, 1.9.2009, lch. 1).

**Leasú 10**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Maidir le bia peataí ina bhfuil comhábhair a fhaightear san fhiach nó san iascaireacht, féadfar na téarmaí dá dtagraítear in Airteagal 30(1) de Rialachán (AE) 2018/848 a úsáid sa tuairisc díolacháin agus i liosta na gcomhábhar, ar choinníoll:*** |
| | ***(a) gur táirge ón bhfiach nó ón iascaireacht é an príomh-chomhábhar;*** |
| | ***(b) go mbaineann na téarmaí sin sa tuairisc díolacháin go soiléir le comhábhar orgánach seachas an príomh-chomhábhar;*** |
| | ***(c) go bhfuil na comhábhair thalmhaíochta eile go léir orgánach;*** |
| | ***(d) nach n-úsáidtear i bpróiseáil an bhia peataí ach breiseáin bheatha agus áiseanna próiseála a údaraítear de bhun Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2018/848;*** |
| | ***(e) go gcomhlíonann an bia peataí na rialacha sonracha maidir le táirgeadh a leagtar amach i bpointí 1.5, 2.1, 2.2 agus 2.4 de Chuid V d'Iarscríbhinn II a*** |

***ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848 agus na teicnící próiseála a leagtar síos i gcomhréir le hAirteagal 17(3) den Rialachán sin.***

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Sonrófar le liosta na gcomhábhar dá dtagraítear i ***mír 1*** cad iad na comhábhair orgánacha. Ní fhéadfar na tagairtí don táirgeadh orgánach a bheith ann ach amháin i ndáil leis na comhábhair orgánacha. | 2. Sonrófar le liosta na gcomhábhar dá dtagraítear i ***míreanna 1 agus 1a*** cad iad na comhábhair orgánacha. Ní fhéadfar na tagairtí don táirgeadh orgánach a bheith ann ach amháin i ndáil leis na comhábhair orgánacha. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I liosta na gcomhábhar dá dtagraítear i mír 1, bpointe (b), beidh tásc maidir le céatadán iomlán na gcomhábhar orgánach i gcomparáid le méid iomlán na gcomhábhar talmhaíochta. | 3. I liosta na gcomhábhar dá dtagraítear i mír 1, ***i*** bpointe (b) ***agus i mír 1a***, beidh tásc maidir le céatadán iomlán na gcomhábhar orgánach i gcomparáid le méid iomlán na gcomhábhar talmhaíochta. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Na téarmaí dá dtagraítear in Airteagal 30 (1) de Rialachán (AE) 2018/848 agus tásc an chéatadáin dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, beidh siad sa dath céanna, ar mhéid chomhionann agus sa stíl chéanna litreoireachta leis na | 4. Na téarmaí dá dtagraítear in Airteagal 30 (1) de Rialachán (AE) 2018/848 agus tásc an chéatadáin dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, beidh siad sa dath céanna, ar mhéid chomhionann agus sa stíl chéanna litreoireachta leis na |

tásca eile i liosta na gcomhábhar dá dtagraítear i ***mír 1*** den Airteagal seo.

tásca eile i liosta na gcomhábhar dá dtagraítear i ***míreanna 1 agus 1a*** den Airteagal seo.

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. I gcás bia peataí réamhphacáilte ***ar a bhfuil téarma*** dá dtagraítear in Airteagal ***30(1) de Rialachán (AE) 2018/848***, beidh lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach ar an bpacáistíocht.

*Leasú*

2. I gcás bia peataí réamhphacáilte ***a chomhlíonann~~íonn~~ na coinníollacha*** dá dtagraítear in Airteagal ***3(1a)***, beidh lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach ar an bpacáistíocht.

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Airteagal 4a***

***Bearta idirthréimhseacha***

***Déantar stoic de bhia orgánach réamhphacáilte peataí a lipéadú i gcomhréir le rialacha náisiúnta nó, i gcás nach bhfuil siad ann, caighdeáin phríobháideacha ar ghlac na Ballstáit leo nó atá aitheanta acu i gcomhréir le hAirteagal 95(5) de Rialachán (CE) Uimh. 889/2008 roimh ... [dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] lena n-áirítear bia peataí nach bhfuil lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach air de bharr rialacha náisiúnta, féadfar leanúint dá chur ar an margadh go dtí go mbeidh na stoic ídithe.***

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Airteagal 5 | Airteagal 5 |
| Teacht i bhfeidhm | Teacht i bhfeidhm ***agus cur i bhfeidhm*** |
| Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. | Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. |
| | ***Beidh feidhm ag Airteagal 4(2), áfach, ón ... [6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo];*** |